AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.4.2023
COM(2023) 215 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le Córas Réamhrabhaidh chaiteachas CERT Uimh. 1-3/2022

Clár Ábhar

1. **NÓS IMEACHTA BUISÉADACH CERT LE HAGHAIDH 2023** 1

2. **IONCAM A SHANNTAR DO CERT** 1

3. **CÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA** 2

4. **BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE HAGHAIDH 2023** 2

4.1. **CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLACHA IN EARNÁLACHA ÁIRITHE FAOI NA PLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT** 2

4.2. **CAITEACHAS A BHAINEANN LEIS AN MARGADH LASMUIGH DE PHLEANANNA STRAITÉISEACH CBT** 3

4.3. **ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA LASMUIGH DE PHLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT** 4

5. **CUR CHUN FEIDHME AN IONCAIM A SHANNTAR DO CERT** 4

6. **CONCLÚIDÍ** 5

IARSCRÍBHINN : TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT GO DTÍ AN 31 EANÁIR 2023

1. NÓS IMEACHTA BUISÉADACH CERT LE HAGHAIDH 2023

An 23 Samhain 2022 ghlac Parlaimint na hEorpa buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2023. Is é EUR 40 692 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 40 698 milliún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta a bheidh i mbuiséad an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT). Is é is cúis leis na méideanna éagsúla le haghaidh an dá chineál leithreasuithe an úsáid a bhaintear as leithreasuithe difreáilte le haghaidh bearta áirithe a bhíonn á gcur chun feidhme go díreach ag an gCoimisiún. Baineann siad sin go príomha le bearta maidir le táirgí talmhaíochta a chur chun cinn agus le bearta maidir le straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh.

2. IONCAM A SHANNTAR DO CERT

Ar bhonn fhorálacha Airteagal 45 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116, ioncam a thagann as ceartuithe airgeadais faoi chinntí imréitigh airgeadais agus imréitigh comhréireachta, agus as neamhrialtachtaí, is ioncam é a shanntar do mhaoiniú chaiteachas CERT.

De réir na bhforálacha sin, is féidir ioncam sannta a úsáid chun riachtanais mhaoinithe aon chaiteachas CERT a chumhdach. An t-ioncam a bhailítear agus nach n-úsáidtear laistigh den bhliain airgeadais, tugtar anonn go huathoibríoch é go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin[1].

Áirítear an méid seo a leanas i mbuiséad CERT le haghaidh 2023:

- meastacháin an Choimisiúin ar na riachtanais mhaoiniúcháin le haghaidh bearta margaidh, íocaíochtaí díreacha agus caiteachas eile faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach
- na meastacháin maidir le hioncam sannta atá le bailiú i gcaitheamh na bliana airgeadais.

I dtogra an Choimisiúin maidir le leithreasuithe buiséadacha CERT le haghaidh 2023, chuir sé san áireamh an t-ioncam sannta iomlán a bhfuil coinne leis. I gcás bhuiséad 2023, d'iarr an Coimisiún leibhéal leithreasuithe a ríomhfaí tríd an ioncam sannta measta a asbhaint ó na riachtanais mheasta. Ghlac an tÚdarás Buiséadach buiséad CERT le haghaidh 2023 agus an t-ioncam sannta a bhfuil coinne leis á chur san áireamh.

Ba é EUR 632 mhilliún meastachán an Choimisiúin maidir leis an ioncam sannta a bhí ar fáil tráth a bunaíodh an buiséad le haghaidh 2023. Toisc nach raibh coinne le

[1] Le hAirteagal 12(4)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, cinntear go bhféadfar na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta inmheánach a thabhairt anonn go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus go dtí an bhliain sin amháin. Dá bhrí sin, ar mhaithe le bainistiú fónta buiséid, is iondúil go n-úsáidtear an t-ioncam sannta sin ar dtús, roimh an leithreasú a vótáladh i dtaca leis an airteagal buiséid lena mbaineann.

hioncam a thabhairt anonn ó 2022 go 2023, measadh go mbaileofaí an méid iomlán le linn na bliana airgeadais. Mheas an Coimisiún an t-ioncam measta sin san agus na leithreasuithe á n-iarraidh aige le haghaidh scéim na híocaíochta bunúsaí (mír 08 02 05 04). Is é EUR 14 826.3 milliún, lena n-áirítear ioncam sannta EUR 2.3 milliún, suim na leithreasuithe a vótáladh agus an ioncaim shannta le haghaidh na scéim sin a tugadh anonn ón mbliain bhuiséid roimhe sin.

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo, léirítear an cur chun feidhme sealadach maidir le buiséad 2023 agus comparáid idir é agus an phróifíl chaiteachais a bhfuil coinne léi.

3. CÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA

I gcás na bliana buiséid 2023, vótáladh EUR 450 milliún chun an caiteachas a d'fhéadfadh a bheith ann faoin gcúlchiste talmhaíochta a chumhdach (08 02 01). Go dtí deireadh mhí Eanáir, glacadh beart amháin, beart lena ndearnadh EUR 17 milliún a leithdháileadh, le haghaidh bearta eisceachtúla tacaíochta margaidh d'uibheacha agus d'fheoil éanlaithe clóis sa Pholainn[2]. Go dtí seo, níor dearbhaíodh aon chaiteachas, ach meastar go gcuirfear an méid iomlán i gcrích.

I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116, féadfar bearta breise a ghlacadh chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil don earnáil talmhaíochta chun críoch bainistiú nó cobhsú margaidh agus chun freagairt go pras i gcás géarchéimeanna a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó don dáileadh talmhaíochta.

4. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE HAGHAIDH 2023

Léirítear san iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo cur chun feidhme sealadach an bhuiséid le haghaidh na tréimhse ón 16 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 31 Eanáir 2023.

Cuirtear an leibhéal cur chun feidhme i gcomparáid le próifíl chaiteachais an chórais luathrabhaidh a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116.

4.1. CINEÁLACHA IDIRGHABHÁLACHA IN EARNÁLACHA ÁIRITHE FAOI NA PLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT

Go dtí seo, níor dearbhaíodh aon chaiteachas le haghaidh na gcineálacha nua idirghabhálacha earnála faoi Phleananna Straitéiseacha CBT (Cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi Phleananna Straitéiseacha CBT (CSP) — 08 02 02). Ós rud é gur ar bhealaí difriúla a rinneadh foráil maidir leis sna próifílí, tá diall ann i gcás gach mír buiséid faoin airteagal seo. Meastar gur diall sealadach atá ann

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2406 ón gCoimisiún, IO L 317, 9.12.2022, lgh. 56–63

ag an gcéim seo. Maidir le Leannlusanna (08 02 02 04), is lasmuigh den CSP a rinneadh an íocaíocht (féach an nóta tráchta faoi 4.2, le haghaidh 08 02 03 09).

4.2. CAITEACHAS A BHAINEANN LEIS AN MARGADH LASMUIGH DE PHLEANANNA STRAITÉISEACH CBT

Is gnách gur i gcomhréir leis an bpróifíl tomhaltais é glacadh na leithreasuithe i gcás caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 03)

Is léir ón gcaiteachas ar POSEI [an clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht] agus ar na hoileáin bheaga Aeigéacha (08 02 03 01) go bhfuil diall EUR -10.8 milliún (-4.7 pointe céatadáin) ón bpróifíl tomhaltais.

Maidir le cur chun feidhme i gcás 'Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn – Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhroinnte' (08 02 03 02), tá se EUR 3.4 milliún (4.1 pointe céatadáin) níos airde ná an phróifíl.

Maidir leis na scoileanna scéime (08 02 03 04), tá an caiteachas a dearbhaíodh go dtí seo EUR 4.7 milliún (2.7 pointe céatadáin) níos airde ná an phróifíl.

Tá an caiteachas go dtí seo le haghaidh Ola olóige (08 02 03 05) EUR 0.2 milliún níos ísle
(2.2 pointe céatadáin) ná mar a bhí coinne leis i ndeireadh mhí Eanáir de réir na próifíle tomhaltais.

Tá an caiteachas a dearbhaíodh go dtí seo le haghaidh Torthaí agus glasraí (08 02 03 06) EUR 6.4 milliún (1.3 pointe céatadáin) níos airde ná mar a bhí coinne leis i ndeireadh mhí Eanáir de réir na próifíle caiteachais.

Maidir leis na cláir tacaíochta fíona (08 02 03 07), tá an caiteachas a dearbhaíodh go dtí seo 9.3 milliún (1.5 pointe céatadáin) níos mó ná an phróifíl chaiteachais.

Maidir leis an mbeachaireacht (08 02 03 08), tá an caiteachas a dearbhaíodh go dtí seo 5.3 pointe céatadáin (EUR 0.3 milliún) níos airde ná mar a bhí coinne leis i ndeireadh mhí Eanáir de réir na próifíle tomhaltais.

Maidir le Leannlusanna, rinneadh an forghníomhú iomlán faoi 08 02 03 09 (mír bhuiséid na Leannlusanna faoi chaiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT) in ionad 08 02 02 04 (mír bhuiséid na Leannlusanna faoi Chineálacha Idirghabhálacha Earnála faoi Phleananna Straitéiseacha CBT).

Maidir le 08 02 03 10 Bearta stórála poiblí agus príobháidí, beidh an dibhéirseacht fós de réir cuid na stórála príobháidí muiceola a d'íoc ag na Ballstáit sa bhliain bhuiséid 2022 agus ar measadh ar dtús go raibh sé le híoc sa bhliain bhuiséid 2023.

Faoi láthair, cé is moite de Bhearta stórála poiblí agus príobháidí, meastar gur dibhéirseachtaí sealadacha iad na dibhéirseachtaí ó phróifílí na gcineálacha beart thuasluaite sealadach agus tá coinne go gcuirfear na méideanna buiséadaithe chun feidhme i ndeireadh na bliana.

4.3. ÍOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA LASMUIGH DE PHLEANANNA STRAITÉISEACHA CBT

Is gnách gur i gcomhréir leis an bpróifíl tomhaltais é glacadh na leithreasuithe i gcás íocaíochtaí díreacha lasmuigh de Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 05) Faoi dheireadh mhí Eanáir 2023, dhearbhaigh na Ballstáit EUR 31 882.0 milliún san iomlán maidir leis an airteagal buiséid seo.

Is i gcomhréir leis an bpróifíl tomhaltais é caiteachas arna dhéanamh maidir leis Íocaíocht athdháilte (08 02 05 03), Íocaíocht i leith cleachtas talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil (08 02 05 05), Íocaíochtaí le haghaidh feirmeoirí i leith limistéar a bhfuil srianta nádúrtha iontu (08 02 05 06), Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh Cadáis (08 02 05 08), an Scéim tacaíochta cúpláilte deonaí (08 02 05 09) agus Scéim na bhfeirmeoirí beaga (08 02 05 10).

Tá an caiteachas a dearbhaíodh go dtí seo le haghaidh POSEI [an clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht] agus ar na hoileáin bheaga Aeigéacha (08 02 03 01) EUR 9.5 milliún (-2.1 pointe céatadáin) níos ísle ná mar a bhí coinne leis i ndeireadh mhí Eanáir de réir na próifíle tomhaltais.

Maidir leis an gcaiteachas a dearbhaíodh i gcás na Scéime íocaíochta aonair limistéir (08 02 05 02), tá sé EUR 75.3 milliún faoi bhun na próifíle (-1.7 pointe céatadáin).

Maidir le Scéim na híocaíochta bunúsaí (08 02 05 04), ríomhtar an phróifíl agus an t-ioncam sannta á chur san áireamh. Ar an mbonn sin, níl an caiteachas le haghaidh na scéime sin ach EUR 248.0 milliún (-1.7 pointe céatadáin) níos ísle ná mar a bhí coinne leis (féach an bosca ‘Chun críoch faisnéise amháin’ san iarscríbhinn).

Maidir leis an gcaiteachas a dearbhaíodh i gcás scéim na bhfeirmeoirí óga (08 02 05 07), tá sé EUR 38.0 milliún faoi bhun na próifíle (-8.0 pointe céatadáin).

Ag an bpointe seo, meastar gur beart sealadach í an dibhéirseacht ó na próifílí i gcás na scéimeanna thuasluaite agus meastar go gcuirfear an méid buiséadaithe chun feidhme i dtreo dheireadh na bliana.

5. CUR CHUN FEIDHME AN IONCAIM A SHANNTAR DO CERT

Léirítear sa tábla san iarscríbhinn gur raibh ioncam sannta de EUR 389.3 milliún bailithe faoi dheireadh mhí Eanáir 2023. Áirítear leis sin:

- EUR 387.0 milliún ioncam faoi mhír bhuiséid 62 00. Baineann sé go príomha leis an ioncam as ceartuithe a áiríodh i gcinntí imréitigh cuntasaíochta agus imréitigh comhréireachta, ach leis an ioncam ó neamhrialtachtaí arna ndearbhú ag na Ballstáit freisin.

- d’ainneoin nach ndearnadh meastachán ar mhéid a bheadh le tabhairt anonn le linn do bhuiséad 2023 a bheith á ghlacadh, ba é EUR 2.3 milliún an t-ioncam a tugadh anonn ó 2022 go 2023 ar deireadh.

6. CONCLÚIDÍ

Maidir le forghníomhú sealadach na leithreasuithe buiséadacha CERT le haghaidh 2023 don tréimhse go dtí an 31 Eanáir 2023, tá sé i gcomhréir, i dtéarmaí coibhneasta, leis an bpróifíl chaiteachais arna ríomh.

Tá ioncam EUR 389.3 milliún sannta ar fáil cheana féin agus meastar go mbaileofar suimeanna breise le linn na bliana airgeadais.

Faoi láthair, maidir leis na leithreasuithe a vótáladh, mar aon le méid an ioncaim shannta a bheidh ar fáil faoi dheireadh na bliana airgeadais, measann an Coimisiún go mbeidh an méid sin leordhóthanach chun an caiteachas uile a chumhdach.